Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2026
(OR. en)

10392/26

POLGEN 160

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Clár 18 mí na Comhairle (an 1 Iúil 2026 go dtí an 31 Nollaig 2027)

Dréachtchlár fhoireann trí Uachtaránacht na hÉireann, na Liotuáine agus na Gréige

I. RÉAMHRÁ

Aontacht san éagsúlacht – trí chúinne, aon chompás amháin

Ó chósta Atlantach na hÉireann, ar fud réigiún Baltach na Liotuáine, go dtí tairseach na Meánmhara sa Ghréig, léiríonn an fhoireann trí Uachtaránacht neart agus croílár an tionscadail Eorpaigh: stair, eispéiris agus dearcthaí éagsúla atá aontaithe san éagsúlacht agus atá ailínithe le freagracht chomhroinnte agus cuspóir coiteann.

Tá níos mó i gceist leis an gcothromaíocht gheografach ná siombalachas: léiríonn sé na réaltachtaí lena múnlaítear an tAontas sa lá atá inniu ann agus neartaíonn sé cumas comhchoiteann na hEorpa nascadh, cruthú, tógáil agus freagairt do na dúshláin dhomhanda. Le chéile, beidh an fhoireann trí Uachtaránacht in ann an éagsúlacht sin a iompú ina comhtháthú, lena n-áiritheofar go leanfaidh gníomhaíochtaí an Aontais de bheith cinntitheach, cothrom, spriocdhírithe agus Eorpach go smior.

Tá an fhoireann trí Uachtaránacht tiomanta obair Chomhairle an Aontais Eorpaigh a stiúradh i bhfianaise dúshlán agus brú geopholaitiúil nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, go háirithe cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin mar dhúshlán eiseach don Aontas Eorpach, an staid sa Mheánoirthear, lena n-áirítear an choinbhleacht idir Iosrael agus an Phalaistín, chomh maith le creimeadh an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe, a bhfuil impleachtaí trasearnálacha acu uile do chlár oibre beartais an Aontais.

Chun a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag an Aontas chun aghaidh a thabhairt ar na huaillmhianta agus na tosaíochtaí straitéiseacha fadtéarmacha sin, agus chun freagairt go héifeachtach do dhúshláin atá ag teacht chun cinn, tabharfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht tús áite don obair ar Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus ar a thograí earnála lena gcomhlíontar riachtanais an Aontais le haghaidh 2028-2034.

II. EORAIP ATÁ SAOR, DAONLATHACH

Na luachanna Eorpacha a chaomhnú laistigh den Aontas

Tá cosaint na luachanna Eorpacha lárnach i gcónaí chun go mbeidh Eoraip láidir, athléimneach agus aontaithe ann. Is í urraim do luachanna bunúsacha, don smacht reachta, don daonlathas, do dhínit an duine, don tsaoirse, don chomhionannas agus do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, bunchloch an Aontais seo againne agus tá sí mar bhonn agus mar thaca ag an muinín fhrithpháirteach agus ag gníomhaíocht éifeachtach dhomhanda.

Beidh cur chun cinn an chomhtháthaithe shóisialta, an chomhionannais inscne agus comhdheiseanna do chách ina thosaíocht chothrománach don fhoireann trí Uachtaránacht.

Féachtar leis an athléimneacht dhaonlathach a neartú trí rannpháirtíocht níos doimhne na saoránach, aitheantas a thabhairt do ról lárnach na sochaí sibhialta, meáin shaora, neamhspleácha agus iolraíocha a chosaint, agus trí ghníomhaíocht chinntitheach i gcoinne na bréagaisnéise, na fuathchainte agus na hionramhála agus an chur isteach eachtraigh ar fhaisnéis (ICIEF), lena n-áirítear fíricí stairiúla a fhalsú.

Tacóidh sí le cur chun feidhme na Scéithe Eorpaí don Daonlathas mar chuid de na hiarrachtaí sin, agus aird ar leith á tabhairt ar obair an Lárionaid Eorpaigh um an Athléimneacht Dhaonlathach. Leanfaidh sí de ghníomhaíocht dhaingean a dhéanamh i gcoinne na deighilte, an radacaithe, na sceimhlitheoireachta, an antoisceachais fhoréignigh, an chiníochais, an fhrithsheimíteachais, an fhuatha fhrith-Mhoslamaigh agus na seineafóibe.

Leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht de lánpháirtiú, éagsúlacht chultúrtha agus spóirt a chur chun cinn, agus de luach a chur ar léiriú cruthaitheach agus ar chomhar, a bhfuil ról tábhachtach acu maidir leis an daonlathas agus luachanna Eorpacha a chothú.

Oibreoidh sí chun an spás sibhialta a chosaint, chun rochtain ar an gceartas i gcoitinne a chur chun cinn agus chun córais cheartais a thacaíonn le leanaí a chur chun cinn ar fud an Aontais. Díreoidh sí go háirithe ar mhionaoisigh a chosaint sa timpeallacht ar líne, lena n-áirítear trí mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac. Féachfaidh sí leis an smacht reachta a neartú agus institiúidí daonlathacha a chosaint, lena n-áirítear trí shásraí chun aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den chóras ceartais. Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht chun neamhspleáchas breithiúnach a chosaint agus chun cumarsáid thrédhearcach leis na saoránaigh a fheabhsú chun muinín as institiúidí daonlathacha a threisiú agus chun dlisteanacht an tionscadail Eorpaigh a neartú.

III. EORAIP ATÁ LÁIDIR, SLÁN

Méadú uaillmhianach

Tá tábhacht gheostraitéiseach ag baint le méadú an Aontais chun an tsíocháin, an tslándáil, an chobhsaíocht agus an rathúnas a áirithiú ar fud na hEorpa. Leis an réaltacht gheopholaitiúil nua atá ann – a bhfuil a rian fágtha ag cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin uirthi – leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé próiseas an mhéadaithe a chur ar aghaidh.

Cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht le móiminteam na caibidlíochta aontachais chun dul chun cinn uaillmhianach a spreagadh ar chonairí a gcomhpháirtithe i dtreo bhallraíocht an Aontais i gcomhréir le critéir Chóbanhávan, agus leis na prionsabail agus leis an modheolaíocht sheanbhunaithe.

Áiritheoidh sí go gcaithfear go cóir agus go cothrom leis na hiarrthóirí uile agus leis na hiarrthóirí ionchasacha uile, agus cur chuige éifeachtúil, inchreidte, intuartha agus fiúntasbhunaithe á choinneáil ag an am céanna. Sa chomhthéacs sin, tacóidh sí go láidir leis an gconair i dtreo bhallraíocht na hÚcráine, Phoblacht na Moldóive, agus iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha na mBalcán Thiar, san Aontas.

Leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht den obair ullmhúcháin inmheánach a dhéanamh agus d'athchóirithe a ullmhú d'Aontas méadaithe, i gcomhréir le Dearbhú Granada.

Gníomhaíocht sheachtrach chomhleanúnach a bhfuil tionchar aici

Cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht an tAontas Eorpach chun cinn mar ghníomhaí atá rannpháirteach agus freagrach ar fud an domhain, agus atá tiomanta tacú leis an ord idirnáisiúnta bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Cairt na Náisiún Aontaithe, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Chun ról an Aontais Eorpaigh mar ghníomhaí domhanda a neartú a thuilleadh, tacóidh an fhoireann trí Uachtaránacht le ról lárnach na Náisiún Aontaithe. Cothóidh sí comhpháirtíochtaí domhanda a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh trí chomhar um fhorbairt leanúnach intuartha agus cabhair dhaonnúil, i gcomhréir le cur chuige Fhoireann na hEorpa agus cur chuige Global Gateway. Tacóidh an fhoireann trí Uachtaránacht le ról an Aontais maidir le cabhair dhaonnúil ar bhonn prionsabail a chur ar fáil agus cuirfidh sí an ról sin chun cinn, i gcomhréir leis an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil.

Athdhearbhaíonn an fhoireann trí Uachtaránacht a tacaíocht bhuanseasmhach don Úcráin i ngach gné, lena n-áirítear tacaíocht pholaitiúil, eacnamaíoch, mhíleata, fuinnimh, airgeadais agus dhaonnúil, i gcomhréir le tiomantas fadtéarmach an Aontais do shíocháin chuimsitheach chóir mharthanach san Úcráin agus san Eoraip, lena n-áiritheofar neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus a hatógáil. Tacaíocht airgeadais inbhuanaithe intuartha a áirithiú don Úcráin, lena n-áirítear tar éis 2027, beidh sé sin ar ceann de phríomhthosaíochtaí na foirne trí Uachtaránacht. Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht chun cuntasacht iomlán a áirithiú as coireanna cogaidh agus as na coireanna is tromchúisí a rinne an Rúis agus an Bhealarúis i ndáil le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht freisin de smachtbhannaí a neartú agus den chomhrac ar theacht timpeall ar na smachtbhannaí sin.

Cuirfidh sí iltaobhachas éifeachtach agus forbairt inbhuanaithe chun cinn freisin, lena n-áirítear trí chomhar neartaithe laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe agus ar fud a ghníomhaireachtaí, a chistí agus a chlár, i gcomhréir le tosaíochtaí agus luachanna an Aontais.

D'fhonn cuspóirí comhroinnte a chur chun cinn agus torthaí sonracha a bhaint amach, cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht béim ar leith ar an gcomhar le comhpháirtithe domhanda a dhoimhniú, go déthaobhach agus i gcomhthéacs eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha araon.

Beidh sé bunriachtanach i gcónaí béim láidir a choinneáil ar ghéarchéimeanna agus ar choinbhleachtaí a chosc agus ar fhreagairt dóibh, chomh maith leis an idirghabháil síochána, ar mhaithe le cobhsaíocht dhomhanda agus slándáil na hEorpa araon. Spreagfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht feasacht staide mhéadaithe agus rannpháirtíocht réamhghníomhach mar ghnéithe bunriachtanacha chun cobhsaíocht dhomhanda agus slándáil na hEorpa a chosaint.

Ag aithint di go gcuireann neartú na cobhsaíochta i gComharsanacht an Oirthir agus an Deiscirt de chuid an Aontais go díreach le slándáil na hEorpa, tabharfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht tús áite do rannpháirtíocht níos doimhne leis na tíortha comhpháirtíochta mar bhunchloch straitéiseach dá clár oibre.

Beidh sé d'aidhm ag an bhfoireann trí Uachtaránacht beartas comharsanachta an Oirthir a neartú trí rannpháirtíocht leanúnach leis na tíortha comhpháirtíochta ábhartha agus trí Chomhpháirtíocht an Oirthir. Beidh sé d'aidhm aici athléimneacht dhaonlathach, próisis athchóirithe agus comhar réigiúnach a fheabhsú.

Beidh sé ina phríomhthosaíocht an caidreamh le Comharsanacht an Deiscirt a neartú, lena n-áirítear díriú ar chur chun feidhme éifeachtach an Chomhshocraithe don Mheánmhuir agus ar chomhar saincheaptha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin réigiúnacha. Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht chun an comhar le comhpháirtithe sa réigiún a dhoimhniú chun cobhsaíocht, slándáil, rathúnas agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

Beidh cur chun cinn na síochána, na cobhsaíochta agus na slándála sa Mheánoirthear ina phríomhchuspóir de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais i gcónaí, agus béim á leagan ar réiteach cuimsitheach, cóir agus marthanach ar an gcoinbhleacht idir Iosrael agus an Phalaistín bunaithe ar an réiteach dhá stát. Tacóidh an fhoireann trí Uachtaránacht le tionscnaimh taidhleoireachta, cabhair dhaonnúil, iarrachtaí chun an lasóg a bhaint den bharrach, atógáil agus saothrú síochána ar síocháin í atá cuimsitheach, cóir agus marthanach, i gcomhréir leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

Leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht de chaidreamh láidir trasatlantach a chaomhnú, caidreamh láidir leanúnach comhthairbheach a chothú le Stáit Aontaithe Mheiriceá, lena n-áirítear tríd an ráiteas comhpháirteach idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe a chur chun feidhme go leanúnach agus trí chomhar maidir leis an tslándáil eacnamaíoch, lena n-áiritheofar timpeallacht chobhsaí intuartha do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Aithníonn an fhoireann trí Uachtaránacht a thábhachtaí atá comhpháirtíocht straitéiseach athléimneach le Ceanada, bunaithe ar luachanna daonlathacha comhroinnte agus ar leasanna coiteanna.

Beidh cur chun cinn agus tacaíocht an chaidrimh dhearfaigh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe fós chun cinn ar chlár oibre na dtrí Uachtaránacht. Leanfaidh sé de bheith ag obair ar chlár oibre athnuaite le haghaidh comhar neartaithe, bunaithe ar leasanna comhroinnte agus ar chur chun feidhme iomlán, tráthúil agus dílis na gcomhaontuithe atá ann cheana.

De réir mar a leanann an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis an tArtach de bheith ag fás, áiritheoidh an fhoireann trí Uachtaránacht go mbeidh ról níos láidre ag an Aontas i gcur chun cinn an fháis, agus i soláthar slándála cuimsithí san Ard-Thuaisceart, lena n-áirítear i gcoinne na ndúshlán a bhaineann leis an Rúis agus leis an tSín.

Leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht de fhócas straitéiseach, láithreacht, infheictheacht agus gníomhaíochtaí an Aontais a neartú agus a threisiú a thuilleadh, lena n-áirítear trádáil sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, trí Straitéis Ind-Chiúin-Aigéanach an Aontais a chur chun feidhme agus trí rannpháirtíocht fheabhsaithe le heagraíochtaí réigiúnacha, go háirithe trí chaidreamh an Aontais le Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) a ardú go comhpháirtíocht straitéiseach chuimsitheach.

Neartóidh sí a thuilleadh an caidreamh le Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib trí idirphlé polaitiúil, trí chomhar breithiúnach agus forfheidhmithe dlí, trí chomhar eacnamaíoch, trí infheistíocht agus trí thacaíocht don lánpháirtiú réigiúnach agus don fhorbairt inbhuanaithe.

Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht chun caidreamh an Aontais leis an Afraic a neartú, lena n-áirítear tríd an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas agus an tAontas Afracach.

Cuirfidh sí an caidreamh idir an tAontas agus tíortha CSTE LEE chun cinn a thuilleadh, d'fhonn feidhmiú rianúil agus doimhniú an Mhargaidh Aonair a áirithiú.

Beidh cur chun cinn na forbartha inbhuanaithe agus cur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe lárnach i gcónaí i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, agus aird ar leith á tabhairt ar athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus ar chomhpháirtithe leochaileacha, lena n-áirítear na tíortha is lú forbairt agus stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha.

Cuirfear nascacht thrasréigiúnach chun cinn freisin mar spreagadh don fhás inbhuanaithe agus do chomhpháirtíochtaí domhanda athléimneacha.

Gníomhaíocht straitéiseach maidir le slándáil agus cosaint

Tacóidh an fhoireann trí Uachtaránacht le Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear misin agus oibríochtaí sibhialtacha mar cholún lárnach de chumas an Aontais géarchéimeanna a bhainistiú agus aghaidh a thabhairt ar bhagairtí, athléimneacht a chothú agus a leasanna a chosaint ar fud an domhain.

Tacóidh an fhoireann trí Uachtaránacht go gníomhach le príomhthionscnaimh slándála agus chosanta an Aontais a chur chun cinn, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cumais chosanta a neartú go práinneach, agus Treochlár 2030 maidir le hUllmhacht Cosanta agus a thionscnaimh shuaitheanta á gcur san áireamh,
- bonneagar straitéiseach a chosaint,
- iarrachtaí forbartha cumais a fheabhsú, go háirithe feadh an Chliatháin Thoir, agus ar an gcaoi sin slándáil agus cosaint an Aontais a threisiú, chomh maith lena chumas freagairt go héifeachtach do bhagairtí atá ann faoi láthair agus do bhagairtí atá ag teacht chun cinn,
- comhpháirtíochtaí slándála agus cosanta agus comhar i réimse na slándála agus na cosanta le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo.

Déanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht comhar cuimsitheach comhthairbheach idir an tAontas agus ECAT a chur chun cinn, agus lánurraim á tabhairt do na prionsabail a leagtar amach sna Conarthaí agus ag an gComhairle Eorpach, gan dochar do chineál sonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe agus leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile á gcur san áireamh.

Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht chun borradh a chur faoi athléimneacht agus iomaíochas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí trí chur chuige cuimsitheach 360 céim. Cuideoidh sé sin le Margadh Aonair don Chosaint a chruthú a bheidh níos láidre, níos comhtháite agus níos éifeachtúla, rud a chuirfidh feabhas ar shlándáil fhadtéarmach, ar nuálaíocht agus ar acmhainneacht thionsclaíoch an Aontais ar fud an Aontais.

Beidh sé fós ina thosaíocht feabhas a chur ar an tsoghluaisteacht mhíleata laistigh agus lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear trí infheistíochtaí spriocdhírithe i mbonneagar iompair agus ina athléimneacht. Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht leis na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá ann cheana agus chun feabhas a chur ar an gcumas gluaiseacht thapa shlán pearsanra, ábhar agus sócmhainní míleata a éascú.

Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht chun a áirithiú go mbeidh cumais spáis na hEorpa lánoibríochtúil, athléimneach agus ceannasach. Tacóidh sí le hiarrachtaí chun córais agus bonneagar spáis neamhspleách a chosaint agus a fhorbairt, agus aitheantas á thabhairt don ról ríthábhachtach atá acu i bhfeidhmeanna slándála, cosanta agus sibhialtacha criticiúla.

Neartóidh an fhoireann trí Uachtaránacht slándáil eacnamaíoch an Aontais, laghdóidh sí spleáchais dhíobhálacha ardriosca agus déanfaidh sí slabhraí soláthair straitéiseacha a éagsúlú agus a dhaingniú, lena n-áirítear tríd an tslándáil mhuirí a fheabhsú.

Cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht dlús lena hiarrachtaí bagairtí fisiciúla, cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha a chomhrac, lena n-áirítear ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (ICIEF). Tabharfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht cur chun feidhme na straitéise slándála inmheánaí (ProtectEU) ar aghaidh mar threochlár chun an tAontas agus a shaoránaigh a chosaint ar bhagairtí ar a slándáil. Tacóidh sí le feabhas a chur ar fheasacht staide, díspreagadh, ullmhacht, faireachán agus cumais freagartha, d'fhonn institiúidí daonlathacha agus bonneagar criticiúil, lenan-áirítear athléimneacht mhuirí agus shochaíoch, a chosaint.

Cothóidh an fhoireann trí Uachtaránacht cur chuige comhtháite lena nascfar cur in úsáid iontaofa eiticiúil na hIntleachta Saorga, ceannasacht sonraí agus athléimneacht cibearshlándála. Cuirfidh sí úsáid shlán fhreagrach teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn sa tslándáil agus sa chosaint chun cinn.

Agus na tosaíochtaí sin á léiriú acu, neartóidh an fhoireann trí Uachtaránacht an tslándáil agus an mhuinín in éiceachóras digiteach na hEorpa. Ag an am céanna, cuirfidh sí feabhas ar chreataí rialachais freagracha chun rioscaí slándála a bhaineann leis an gclaochlú digiteach a mhaolú.

Cur chuige cuimsitheach i leith na himirce

Aithníonn an fhoireann trí Uachtaránacht gur gá comhchóras tearmainn agus imirce a fheidhmíonn go hiomlán agus go héifeachtach a áirithiú, lena n-áirítear tríd an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go hiomlán, agus trí chothromaíocht idir freagracht agus dlúthpháirtíocht a áirithiú.

Díreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht a cuid oibre ar chóras tearmainn atá daingean, cothrom agus éifeachtúil, lena ráthaítear cosaint dóibh siúd atá i ngátar, agus mí-úsáid ár rialacha á cosc ag an am céanna.

Neartóidh sí na hiarrachtaí chun an imirce neamhrialta a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi, chomh maith le gníomhú in aghaidh ionstraimiú agus úsáid na himirce mar uirlis troda, agus é á aithint gur bagairt hibrideach í agus gur dúshlán tromchúiseach í do shlándáil agus do chobhsaíocht an Aontais.

Déanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht a dícheall comhbheartas an Aontais um fhilleadh atá cothrom, láidir agus éifeachtach a áirithiú, ag díriú ar inbhuanaitheacht an fhillte agus an ath-lánpháirtithe a áirithiú trí chomhar neartaithe le tíortha tionscnaimh agus idirthurais. Áireofar leis sin úsáid níos éifeachtaí a bhaint as giaráil agus dreasachtaí atá ar fáil don Aontas, agus cearta bunúsacha agus dínit an duine á n-urramú go hiomlán ag an am céanna. Cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht úsáid teicneolaíochtaí nua-aimseartha chun cinn freisin i mbainistiú imirce agus tearmainn chun feabhas a chur ar a éifeachtúlacht agus chun na próisis a chuíchóiriú.

Tacaíonn an fhoireann trí Uachtaránacht le limistéar Schengen dea-fheidhmiúil, chun saorghluaiseacht gan bhac daoine agus na tairbhí a ghabhann leis dár sochaithe agus dár ngeilleagair a chaomhnú. D'fhonn limistéar Schengen slán a chruthú, tacóidh an fhoireann trí Uachtaránacht le bainistiú láidir éifeachtúil theorainneacha seachtracha an Aontais i gcomhréir le prionsabail an Bhainistithe Chomhtháite Teorainneacha, mar aon leis na bearta cúiteacha comhair fíor-riachtanacha. Chuige sin, molfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht cur chuige pragmatach stuama ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, lena gcuirfear san áireamh na dúshláin slándála atá ag dul i méid ag na teorainneacha seachtracha agus níos faide i gcéin. Áirítear leis sin, *inter alia*, acmhainneachtaí bainistithe teorainneacha na mBallstát a neartú agus Frontex a neartú ina róil chomhordúcháin agus cúnaimh oibríochtúil. Déanfar réitigh ardteicneolaíochta, lena n-áirítear cumais drón agus frithdhrón, uirlisí faireachais agus anailíseacha a chur chun cinn agus a ghiaráil a thuilleadh ag na teorainneacha seachtracha. Tabharfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht tosaíocht d'iarrachtaí a chur chun cinn chun idir-inoibritheacht iomlán na gcóras TF a áirithiú chomh maith le beartas víosaí níos láidre de chuid an Aontais.

Beidh gné sheachtrach na himirce fós ina príomhthosaíocht. Treiseoidh an fhoireann trí Uachtaránacht comhar cuimsitheach le tríú tíortha, lena n-áirítear trí réitigh nuálacha agus trí chomhpháirtíochtaí saincheaptha, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha. Beidh sé an-tábhachtach comhpháirtíochtaí a fhorbairt agus comhar a neartú le príomhthíortha sa Mheánmhuir, san Afraic, sa Mheánoirthear, san Áise Thoir Theas agus feadh bealaí éagsúla imirce – i gcomhréir le cur chuige an bhealaigh iomláin – agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin imirce ar bhealach a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh.

Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht freisin chun bealaí dleathacha imirce a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair na mBallstát, mar chuid de chlár oibre Scileanna agus Tallainne an Aontais, go háirithe trí Chomhpháirtíochtaí Tallainne an Aontais a fhorbairt le tríú tíortha, rud a chuirfidh feabhas freisin ar an gcomhar maidir le filleadh. Tacóidh an fhoireann trí Uachtaránacht leis an imirce dhleathach ordúil chuig an Aontas, rud a chuirfidh le hiomaíochas agus rathúnas an Aontais.

Cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht dlús freisin leis na hiarrachtaí chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine araon a chomhrac trí thionscnaimh chomhordaithe de chuid an Aontais a chur chun cinn agus trí chomhar feabhsaithe le comhpháirtithe idirnáisiúnta. Déanfar na gníomhaíochtaí sin i gcomhréir iomlán leis an dlí idirnáisiúnta, agus beatha agus cearta na n-imirceach á gcosaint ag an am céanna.

Ár slándáil a neartú agus ár saoránaigh a chosaint

Feabhsóidh an fhoireann trí Uachtaránacht an tslándáil fuinnimh agus an athléimneacht fuinnimh, lena n-áirítear trí REPowerEU a chur chun feidhme, agus ag an am céanna seachnófar spleáchais straitéiseacha nua a chruthú. Tabharfaidh sí tús áite do shlándáil an tsoláthair, don cheannasacht agus don inacmhainneacht, tacóidh sé le fás tionsclaíoch glas, agus cuirfidh sí infheistíochtaí i mbonneagar fuinnimh agus criticiúil chun cinn, lena n-áirítear bonneagar criticiúil muirí, feabhsóidh sí cumais ullmhachta, faireacháin agus deisiúcháin, agus tabharfaidh sí cosaint ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn. Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht freisin chun na rioscaí sábháilteachta núicléiche a bhaineann leis an timpeallacht dhúshlánach slándála i gcomharsanacht an Aontais a mhaolú.

Féachfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht le praghsanna fuinnimh inacmhainne agus inbhuanaithe a áirithiú mar bhunchloch den athléimneacht eacnamaíoch, den iomaíochas agus den chomhtháthú sóisialta ar fud an Aontais. I bhfianaise luaineacht leanúnach an mhargaidh agus éilimh an aistrithe fuinnimh, tabharfar tosaíocht d'athléimneacht agus éagsúlú an tsoláthair fuinnimh a fheabhsú, slándáil fuinnimh a fheabhsú, spleáchais sheachtracha a laghdú, agus comhar réigiúnach a chothú. Tacófar le cur in úsáid luathaithe foinsí in-athnuaite fuinnimh, go háirithe i réigiúin atá in áit mhaith le haghaidh fuinneamh gréine agus gaoithe, mar aon le hinfheistíochtaí i stóráil fuinnimh agus i nuachóiriú eangaí chun solúbthacht an chórais a áirithiú. Díreoidh a cuid iarrachtaí freisin ar an margadh inmheánach fuinnimh a neartú i dtreo fíor-Aontas Fuinnimh, ar thrédhearcacht praghsanna a fheabhsú agus ar chur chun cinn comhtháthú teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Ag an am céanna, ní mór tomhaltóirí agus gnólachtaí leochaileacha, lena n-áirítear tionscail dianfhuinnimh, a chosaint ar luaineachtaí iomarcacha praghsanna, agus comharthaí éifeachtacha margaidh le haghaidh dícharbónú á gcaomhnú ag an am céanna.

Treiseoidh an fhoireann trí Uachtaránacht an athléimneacht agus neartóidh siad acmhainneachtaí agus cumais maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt i gcás géarchéime trí chur chuige uile-ghuaise uile-shochaí, lena gcumhdófar tubaistí nádúrtha, coinbhleacht, éigeandálaí sláinte, cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha. Tacóidh an fhoireann trí Uachtaránacht leis an obair leanúnach ar an Straitéis um Aontas na hUllmhachta.

Neartóidh sí athléimneacht an bhonneagair chriticiúil, lena n-áirítear íocaíochtaí agus bonneagar digiteach agus muirí, i gcoinne bagairtí fisiciúla agus digiteacha araon ar eintitis bhunriachtanacha agus thábhachtacha (NIS2) agus ar eintitis chriticiúla (CER), déanfaidh sé measúnuithe riosca cuimsitheacha, agus cuirfidh sí feabhas ar chomhordú trasearnála chun leanúnachas seirbhísí bhunriachtanacha a áirithiú.

Tá an fhoireann trí Uachtaránacht tiomanta don chomhar idir údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha a neartú ina gcuid oibre chun an Eoraip a choinneáil sábháilte agus chun an smacht reachta a choinneáil ar bun. Tacóidh sí le comhar éifeachtach, le hoibríochtaí comhpháirteacha agus le malartú faisnéise, lena n-áirítear thar theorainneacha. Mar fhreagairt ar threochtaí coiriúla atá ag teacht chun cinn agus ar theicneolaíochtaí nua, oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht chun forfheidhmiú an dlí agus an comhar breithiúnach le tríú tíortha a neartú, chomh maith le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais a chumhachtú a thuilleadh.

Cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht dlús leis an ngníomhaíocht chun an choireacht thromchúiseach eagraithe a chomhrac trí chur isteach ar líonraí smuigleála daoine agus trí gháinneáil ar dhrugaí, smuigleáil contrabhannaí agus cineálacha eile coireachta trasteorann a chomhrac. Tacóidh sí le hiarrachtaí chun teorainneacha an Aontais a dhaingniú. Agus úsáid á baint acu as uirlisí TF nua-aimseartha agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear IS, tá sé d'aidhm ag an bhfoireann trí Uachtaránacht feabhas a chur ar bhrath, ar bhailiú faisnéise agus ar éifeachtúlacht oibríochtúil chun líonraí coiriúla a dhíchóimeáil.

Cuirfidh sí béim ar leith ar ullmhacht agus ar chosaint na hoidhreachta cultúrtha, lena n-áirítear coimircí i gcoinne thionchair an athraithe aeráide, chomh maith le straitéisí maidir le cosc, ullmhacht agus téarnamh le haghaidh sócmhainní cultúrtha agus institiúidí cultúrtha.

Treiseoidh an fhoireann trí Uachtaránacht slándáil sláinte agus athléimneacht an chórais trí ullmhacht, cosc agus cosaint sláinte poiblí níos láidre, lena n-áirítear an mheabhairshláinte. Creideann sí freisin go méadófar athléimneacht na sochaí i gcomhthéacs athruithe fadtéarmacha trí shábháilteacht shóisialta a neartú, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha.

Leagann an fhoireann trí Uachtaránacht an-tábhacht ar leanaí a chosaint ar ábhar díobhálach ionramhálach agus ar chleachtais dhíobhálacha ionramhálacha ar líne agus ar shásraí cosanta a neartú trí eispéiris níos sábháilte ar líne a chothú.

Cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht feabhas ar chosaint na saoránach tríd an gcomhar consalach lasmuigh den Aontas a neartú, trí chomhordú ar fud na mBallstát agus le Toscaireachtaí an Aontais a fheabhsú agus trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha chun cúnamh éifeachtach a chur ar fáil i gcásanna géarchéime.

Leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht de shlándáil bia na hEorpa a neartú trí athléimneacht a fheabhsú ar fud an bhiashlabhra agus trí rochtain iontaofa ar bhia sábháilte inacmhainne a áirithiú, lena n-áirítear le linn géarchéime.

IV. EORAIP ATÁ RATHÚIL IOMAÍOCH

Aontas níos láidre agus níos rathúla a thógáil

Cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht bailchríoch ar an obair ar Chreat Airgeadais Ilbhliantúil a fhreastalóidh ar riachtanais an Aontais le haghaidh 2028-2034. Ceapfar an buiséad fadtéarmach nua chun na hacmhainní is gá a thabhairt don Aontas lena dtabharfar aghaidh ar a uaillmhianta agus a thosaíochtaí straitéiseacha fadtéarmacha agus lena bhfreagrófar go héifeachtach ar dhúshláin a thiocfaidh chun cinn sna blianta amach romhainn.

Iomaíochas a neartú

Tabharfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht cur chun feidhme na Straitéise maidir le Margadh Aonair ar aghaidh ar bhealach uaillmhianach uileghnéitheach, i gcomhréir leis an gclár oibre ‘Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin’. Meabhraítear di a tiomantas oibriú chun deireadh a chur le bacainní, cothrom iomaíochta a áirithiú, agus tairbhí praiticiúla a chur ar fáil do ghnólachtaí, go háirithe d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), d’údaráis phoiblí, do thomhaltóirí agus d’oibrithe. Leanfaidh sé de thosaíocht a thabhairt d’fhorfheidhmiú agus do chur chun feidhme aonfhoirmeach rialacha an Mhargaidh Aonair chomh maith le clár oibre an Aontais maidir le simpliú agus rialáil níos fearr, agus é mar chuspóir aige ualaí rialála agus riaracháin a laghdú, a áirithiú go mbeidh tionscnaimh nua de chuid an Aontais i gcomhréir le prionsabail na rialála níos fearr agus borradh a chur faoin iomaíochas.

Déanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht iarracht an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta a fhorbairt agus a dhoimhniú a thuilleadh, margaí caipitil níos comhtháite agus earnáil baincéireachta dhea-fheidhmiúil a chothú ar fud an Aontais d'fhonn caipiteal poiblí agus príobháideach a shlógadh, cobhsaíocht airgeadais fhadtéarmach an Aontais a neartú agus rannchuidiú le hiomaíochas an Aontais. Leanann an fhoireann trí Uachtaránacht de thosaíocht a thabhairt d'obair an Aontais maidir le himghabháil cánach a chomhrac agus seachaint cánach a ghleic chun rioscaí maidir le Creimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis a chosc ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Díreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht ar mhargaí caipitil a fhorbairt le haghaidh infheistíocht lena méadófar fiontair, rud a chuirfidh ar chumas cuideachtaí nuálacha rochtain a fháil ar an gcistiú is gá chun fás, nuáil agus méadú sa Mhargadh Aonair agus ar fud an domhain.

Cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht le straitéis slándála eacnamaíche an Aontais, trí ionstraimí agus comhpháirtíochtaí ábhartha an Aontais a chur chun cinn, chun leasanna slándála agus eacnamaíocha an Aontais a chosaint, agus oscailteacht agus sláine an Mhargaidh Aonair á gcaomhnú ag an am céanna. I ndáil leis an méid sin, díreoidh sé ar leochaileacht an Aontais a laghdú i leith spleáchais sheachtracha straitéiseacha ardriosca in earnálacha íogaire, agus ar shlabhraí soláthair straitéiseacha a éagsúlú agus a dhaingniú chun leasanna eacnamaíocha an Aontais a chosaint, agus oscailteacht agus sláine an Mhargaidh Aonair á gcaomhnú ag an am céanna.

Cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht córas trádála oscailte riailbhunaithe chun cinn lena neartófar athléimneacht eacnamaíoch an Aontais, lena dtacófar le héagsúlú an mhargaidh agus lena n-áiritheofar cothrom iomaíochta. Tá an fhoireann trí Uachtaránacht tiomanta i gcónaí d'athchóiriú EDT, lena n-áirítear córas éifeachtach um réiteach díospóidí a athbhunú. Leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht de líonra comhaontuithe saorthrádála an Aontais a leathnú agus a chur chun feidhme. Measann an fhoireann trí Uachtaránacht gur colún é an custam i gcás an mhargaidh aonair agus na trádála dea-fheidhmiúla agus, lena chois sin, i gcás na slándála teorann agus na n-iarrachtaí frithsmuigleála. Áiritheoidh an fhoireann trí Uachtaránacht go ndéanfar dul chun cinn leanúnach maidir le cur chun feidhme an athchóirithe custaim, i dtreo fís dhigitithe shonraíbhunaithe de chustaim an Aontais lena ngabhfaidh nósanna imeachta custaim nuachóirithe.

Tá an fhoireann trí Uachtaránacht tiomanta d'earnáil talmhaíochta inbhuanaithe athléimneach a chur chun cinn a leanfaidh den tslándáil bia a áirithiú trí chórais bhia a sheasfaidh an aimsir. Athdhearbhaíonn sí freisin nach mór pobail tuaithe agus feirmeoirí a neartú, go háirithe i gceantair thuaithe ina bhfuil ardriosca aeráide, agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin phráinneacha a bhaineann leis an ngaineamhlú, leis an díghrádú talún agus leis an triomach, agus aird ar leith á tabhairt ar an Straitéis maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce. Aithníonn an fhoireann trí Uachtaránacht freisin a thábhachtaí atá foraoisí i ndáil le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin agus maidir le táirgí adhmaid in-athnuaite inbhuanaithe a chur ar fáil chun ár dtimpeallacht thógtha a dhícharbónú. Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht freisin chun earnáil bia mara a chruthú a thacóidh leis an inbhuanaitheacht agus leis an athléimneacht ar fud na n-earnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe, agus le pobail chósta tuaithe ag an am céanna.

Tabharfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht tús áite don dícharbónú leanúnach agus do neartú earnálacha tionscail, iompair agus fuinnimh an Aontais, chun an t-iomaíochas a neartú agus chun an athléimneacht a fheabhsú. Féachfaidh sé le borradh a chur faoi theicneolaíochtaí glana, beartas tionsclaíoch AE atá bunaithe ar an nuálaíocht a chothú agus dlús a chur leis an aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach, agus ar an gcaoi sin buntáiste iomaíoch an Aontais a threisiú, go háirithe do FBManna.

Saothróidh an fhoireann trí Uachtaránacht nascacht a sholáthar sna hearnálacha digiteacha, fuinnimh agus iompair, lena n-áirítear trí nascacht inbhuanaithe, iomaíoch agus shábháilte a chur chun cinn ar fud na hEorpa. Leanfaidh sé d'iarrachtaí a dhéanamh chun athléimneacht na mbonneagar criticiúil fuinnimh, digiteach agus iompair – iad siúd atá ann cheana agus na cinn atá beartaithe – a chosaint agus a fheabhsú, lena n-áirítear bonneagair fhomhuirí.

San earnáil mhuirí, aithníonn an fhoireann trí Uachtaránacht an loingseoireacht mar chumasóir straitéiseach d'iomaíochas, athléimneacht agus slándáil fuinnimh na hEorpa, agus í ag tacú ag an am céanna le claochlú na gcalafort Eorpach ina Moil don Gheilleagar Gorm agus ina n-innill don trádáil inbhuanaithe agus don fhás gorm cuimsitheach, agus tacóidh siad le rialachas uaillmhianach na n-aigéan.

Measann an fhoireann trí Uachtaránacht go bhfuil sé an-tábhachtach borradh a chur faoi iomaíochas teicneolaíoch an Aontais, tríd an obair ar chreat rialála teileachumarsáide a thabhairt chun cinn lena n-éascaítear an nuálaíocht, lena gcuirtear an infheistíocht i líonraí digiteacha chun cinn agus lena n-áirithítear cosaint láidir do chearta tomhaltóirí. Tá sé d'aidhm aige freisin cosaint tomhaltóirí a fheabhsú trí dhul i ngleic le rioscaí nua do thomhaltóirí a thagann chun cinn sa spás geopholaitiúil digiteach atá ann faoi láthair.

Oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht freisin chun forbairt na turasóireachta inbhuanaithe a áirithiú, go háirithe trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha claochlaitheacha agus iad a chur i bhfeidhm, mar shampla uirlisí na hIntleachta Saorga, in earnáil na turasóireachta.

Sa chomhthéacs sin, aithníonn an fhoireann trí Uachtaránacht freisin ról na scileanna, lena n-áirítear an fhoghlaim ar feadh an tsaoil, an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint in iomaíochas agus athléimneacht an Aontais, agus beidh sé d'aidhm acu forbairt scileanna a chothú, arb iad sin na scileanna is gá chun tacú leis an dá aistriú san Eoraip.

Díreoidh sé go háirithe ar thacaíocht a thabhairt do dhaonra sláintiúil agus ar cháilíocht saoil ár saoránach a fheabhsú, rud a chumasóidh geilleagar sláintiúil.

A dhéanamh go n-éireoidh leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach

Leagann an fhoireann trí Uachtaránacht béim ar a tiomantas an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn go rathúil agus an todhchaí a dhaingniú trí ghníomhaíocht thráthúil éifeachtach ar son na haeráide a dhéanamh gan aon duine a fhágáil ar lár. Cuirfidh sé aistriú an Aontais chuig an aeráidneodracht faoi 2050 agus a sprioc aeráide do 2040 chun cinn, go háirithe tríd an gcaibidlíocht maidir le creat aeráide agus fuinnimh an Aontais tar éis 2030 a chur chun cinn. Leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht freisin d'iarrachtaí a dhéanamh chun ceannaireacht an Aontais a áirithiú ar an leibhéal domhanda i gcomhthéacs na caibidlíochta idirnáisiúnta maidir leis an aeráid, an bhithéagsúlacht, an plaisteach agus an truailliú aeir, ceimiceáin agus dramhaíola.

Ina theannta sin, oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht chun an dúlra, éiceachórais agus an bhithéagsúlacht a chosaint a thuilleadh, agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú i gcoinne teagmhais nádúrtha mórdhíobhála, go háirithe tonnta teasa, falscaithe foraoise, triomaigh agus tuilte. Sa chomhthéacs sin, beidh sé ina thosaíocht freisin athléimneacht uisce a neartú ar fud an Aontais, agus béim ar leith a leagan ar an gcreat chun acmhainní uisce a chosaint agus a bhainistiú go héifeachtúil.

Leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht de thosaíocht a thabhairt do shlándáil agus do sholáthar fuinnimh an Aontais, trí fhíoraontas fuinnimh a chothú trí mhargadh fuinnimh Eorpach coiteann, idir-inoibritheach agus comhtháite a chruthú, darb aidhm an idirnascacht agus an tslándáil fuinnimh a bhaint amach agus deireadh a chur leis an neamhionannas. Chuige sin, is gá go háirithe tacú le leictreachas inacmhainne, idirnaisc a fheabhsú, solúbthacht an chórais agus stóráil fuinnimh a neartú agus limistéir a bhfuil ardacmhainneacht fuinnimh ghlain agus in-athnuaite acu a nascadh le limistéir ardéilimh, lena n-áirítear Ballstáit agus oileáin atá iargúlta go geografach.

Rannchuideoidh an fhoireann trí Uachtaránacht le ról ceannasach an Aontais a chur chun cinn maidir le rialacha agus caighdeáin dhigiteacha dhomhanda a fhorbairt, i dtaca leis an Intleacht Shaorga, mar shampla, agus le comhpháirtíochtaí straitéiseacha a chothú chun cuspóirí digiteacha an Aontais a bhaint amach, agus spás digiteach domhanda atá oscailte, slán, cuimsitheach agus bunaithe ar chearta an duine á chur chun cinn ag an am céanna aici.

Timpeallacht atá fabhrach don nuáil agus don ghnó a chur chun cinn

Leagann an fhoireann trí Uachtaránacht béim ar a thábhachtaí atá sé an taighde agus an nuálaíocht a chur chun cinn agus a chothú chun tairbhí eolaíocha agus sochaíocha a chur ar fáil. Cumasaíonn agus éascaíonn an taighde agus an nuálaíocht iomaíochas, slándáil agus luachanna fadtéarmacha an Aontais. Tá an tacaíocht do thaighde agus nuálaíocht cheannródaíoch ina príomhchuid de na gníomhaíochtaí chun an dá aistriú de chuid an Aontais a bhaint amach agus chun timpeallacht atá fabhrach do ghnó a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, measann an fhoireann trí Uachtaránacht go bhfuil sé an-tábhachtach borradh a chur faoi acmhainneacht taighde na hEorpa i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus i dteicneolaíochtaí cumasúcháin, daoine tréitheacha a mhealladh agus a choinneáil, nuálaíocht a spreagadh, comhar idirnáisiúnta a chothú, agus aird chuí á tabhairt ar an tslándáil taighde mar chuid den tslándáil eacnamaíoch fhoriomlán, agus neart tionsclaíoch a bhaint amach i bpríomhearnálacha, lena n-áirítear an spás, leathsheoltóirí, an Intleacht Shaorga, fótónaic agus eolaíochtaí beatha.

Aithníonn an fhoireann trí Uachtaránacht i gcónaí a thábhachtaí atá éiceachórais maoine intleachtúla agus chóipchirt láidre dhea-fheidhmiúla, a bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le luach eacnamaíoch agus sochaíoch a chruthú as an taighde, as an nuálaíocht agus as an gcruthaitheacht agus maidir le tacú le fás agus iomaíochas nuálaithe Eorpacha agus thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta.

Dul chun cinn le chéile

Cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht an tAontas chun cinn mar áit tharraingteach chun cónaí agus obair a dhéanamh trí na gnéithe sóisialta agus na gnéithe atá díthe ar chomhionannas i mbeartais an Aontais a threisiú, go háirithe i réimse na sláinte agus na fostaíochta, lena n-áiritheofar go rachaidh an dá aistriú chun tairbhe do chách agus nach bhfágfar aon duine ar lár. Beidh an beartas comhtháthaithe fós lárnach chun aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí sóisialta, eacnamaíocha agus críochacha, chun iomaíochas agus athléimneacht a neartú, agus chun tacú leis na réigiúin is mídheisiúla, na réigiúin tuaithe, na réigiúin iargúlta agus na réigiúin is forimeallaí.

Cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht beartas cuimsitheach Eorpach chun cinn maidir le hoileáin ar fud earnálacha éagsúla, mar atá an iompar, an infheistíocht, an neamhthuilleamaíocht fuinnimh, an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus an nascacht dhigiteach. Ina theannta sin, oibreoidh an fhoireann trí Uachtaránacht ar réitigh darb aidhm infheistíochtaí a dhéanamh chun nascacht agus comhtháthú críochach níos leithne a fheabhsú.

Aithníonn an fhoireann trí Uachtaránacht gur féidir leis an Aontas ról tacaíochta a bheith aige maidir le dúshláin tithíochta a mhaolú tríd an bPlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne a chur chun feidhme. Oibreoidh sé freisin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha an Aontais, trí ghníomhaíochtaí agus tionscnaimh chomhpháirteacha an Aontais a chomhordú agus trí ghníomhaíocht iomchuí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar threochtaí déimeagrafacha.

Féachfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht le comhionannas inscne, comhionannas deiseanna agus cuimsiú a áirithiú, go háirithe don óige, do dhaoine faoi mhíchumas agus do ghrúpaí leochaileacha. Beidh sé d'aidhm aige feabhas a chur ar rochtain ar an margadh saothair, poist ardcháilíochta a chruthú do chách agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus lucht saothair. Ina theannta sin, déanfaidh siad a ndícheall dlús a chur le laghdú na bochtaineachta i gcomhréir le sprioc an Aontais do 2030.

Cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht chun cinn na hiarrachtaí atá ar siúl cheana féin chun Aontas Sláinte na hEorpa a fhorbairt a thuilleadh. Díreoidh sé ar fheistí leighis agus éiceachórais bhiteicneolaíochta na hEorpa a bhaineann leis an tsláinte a neartú, lena n-áirítear nósanna imeachta trialacha cliniciúla a chomhchuibhiú chun seasamh an Aontais mar cheannaire domhanda sa bhith-theicneolaíocht agus sa taighde cliniciúil a neartú. Neartófar an tsláinte agus an athléimneacht shóisialta trí chórais cúraim sláinte agus ullmhacht a threisiú, agus ag an am céanna cuirfidh sé chun cinn digiteáil agus úsáid fhreagrúil na hIntleachta Saorga, i gcás inarb iomchuí.

Leanfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht de threo bheartas na hóige amach anseo a fhorbairt agus leanfaidh siad d'iarrachtaí a dhéanamh rannpháirtíocht na hóige i bpróisis dhaonlathacha a chur chun cinn, agus iad ag díriú ar bheartais oideachais mar uirlis ríthábhachtach chun litearthacht sna meáin a chur chun cinn, agus an daonlathas agus an comhtháthú sóisialta a chaomhnú sa ré dhigiteach. Cuirfidh an fhoireann trí Uachtaránacht úsáid shábháilte shláintiúil uirlisí digiteacha chun cinn, agus tabharfaidh siad aghaidh ar an mbréagaisnéis, ar an gcibearbhulaíocht agus ar an bhfuathchaint.

Tabharfaidh an fhoireann trí Uachtaránacht tús áite do dhul i ngleic leis an bhforéigean idirphearsanta, ag obair ar chlár oibre cuimsitheach de chuid an Aontais chun foréigean teaghlaigh agus foréigean in aghaidh na mionaoiseach a chosc agus a chomhrac go héifeachtach ar fud an Aontais.

⁂

Agus iad ar aon ghuth chun na críche sin, oibreoidh na trí Uachtaránacht le chéile chun cuspóirí coiteanna an Aontais a chur chun cinn, lena n-áiritheofar go mbeidh an Eoraip rathúil, slán agus iomaíoch.